# Fiosrúchán maidir leis an nGarda Síochána

### (01-SIU-2018)

### Dáta an Chinnidh: 23 Lúnasa 2019

Bhain an fiosrúchán seo le scéimeanna CCTV a bhí á bhfeidhmiú ag an nGarda Síochána de bhun Alt 38(3)(a) d'Acht an Garda Síochána 2005. Áirítear ar thorthaí a rinneadh sa chinneadh:

- An toradh gur sháraigh an Garda Síochána na hAilt seo a leanas d'Acht 2018 maidir leis an úsáid a bhain siad as ceamaraí d' Uathaithint Uimhirphlátaí (ANPR):
  - Alt 75(3) d'Acht 2018 nuair nár cuireadh an beartas cosanta sonraí cuí i bhfeidhm;
  - Alt 76 d'Acht 2018 nuair nár cuireadh an chosaint sonraí cuí i bhfeidhm trí dhearadh agus réamhshocrú coimircí maidir le ceamaraí ANPR; agus
  - Alt 84 mar gheall nár tugadh faoi mheasúnacht tionchar cosanta sonraí ar chóras faireachais ANPR a bhfuil siad ina rialaitheoir sonraí ina leith, tástáil a dhéanamh ar an riachtanas ó thaobh ceamaraí ANPR agus a léiriú go bhfuil údar maith le ceamaraí ANPR a úsáid agus go bhfuil an úsáid sin comhréireach

- Áirítear ar na torthaí eile sa chinneadh, sáruithe a bhaineann le rochtain iomarcach chuig seomraí monatóireachta, comharthaíocht chuí agus trédhearcacht ginearálta, saincheisteanna rialachais a bhaineann le córais CCTV agus easpa conarthaí i scríbhinn idir an AGS agus próiseálaithe sonraí tríú páirtí.

## Na cumhachtaí ceartaitheacha a cuireadh i bhfeidhm

- Cosc sealadach ar phróiseáil sonraí pearsanta lena mbaineann oibriú ceamaraí ANPR.
- Ordú tugtha don Gharda Síochána próiseáil a chuid sonraí pearsanta a chur ar bhonn comhlíonta ag glacadh an gníomh áirithe a sonraíodh sa chinneadh.
- Iomardú maidir le sáruithe an Gharda Síochána.